An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Junior CYCLE for teachers

# Leabhrán NTI 2019/20

cc BY NC

Ionad Oideachais Mhuineachain

An Roinn Oideachais agus Scileanna | Department of Education and Skills


# Ábhar


Réasúnaíocht Eispéireas Foghlama Gairmiúil an lae inniu ..... 3
Cumhacht na bprótacal ..... 4
Measúnú in NTI na Sraithe Sóisearaí: Scoláire a shuíomh sa chroílár ..... 5
Treoircheisteanna agus Measúnuithe Éifeachtacha á gCruthú ..... 6
Measúnuithe Éifeachtacha A Chruthú ..... 7
Cleachtas Machnamhach ..... 8
Machnamh ar Phróiseas an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ..... 9
Machnamh ar Phróiseas an Mheasúnaithe Rangbhunaithe: Trí Shúile an Scoláire ..... 9
Nóiméad Machnaimh: Aiseolas ar Mheasúnú Rangbhunaithe 1 ..... 10
Treoirphrionsabail don Tuairisciú Éifeachtach ..... 11
Punann Teanga an Scoláire: Ag Cabhrú le Foghlaim Scoláire ..... 12
Príomhghnéithe Phunann Teanga an Scoláire ..... 12
Aiseolas éifeachtach ..... 13
Aiseolas éifeachtach á chur i ngníomh ..... 14
Ag Machnamh ar Mo Chleachtas: Machnamh Scoláire i mo Sheomra Ranga ..... 15
Ag Machnamh trí Lionsa na Teoirice: Scoláirí a Shuíomh sa Chroílár ..... 16
An seomra ranga foghlaim lárnach ..... 17
Measúnú Rangbhunaithe 2: Punann Teanga an Scoláire mar Fhianaise ar an bhFoghlaim ..... 18
Na Gnéithe Cáilíochta do Mheasúnú Rangbhunaithe 2 ..... 18
Tuairisciú ar Fhoghlaim Scoláire: Measúnú Rangbhunaithe 2 ..... 18
An Tasc Measúnaithe ..... 19
An Scrúdú Deiridh ..... 19
Torthaí Foghlama a Mheas ..... 20
Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) ..... 23
Tagairtí ..... 23
Stad-Tosaigh-Lean ar aghaidh ..... 24

## Réasúnaíocht Eispéireas Foghlama Gairmiúil an lae inniu

Is é coincheap na foghlama a chuireann bonn agus taca faoin Eispéireas Foghlama Gairmiúil seo. Tá Teagasc, Foghlaim, Measúnú agus Tuairisciú uile nasctha le chéile agus imríonn siad uile tionchar ar a chéile chun eispéireas foghlama a chruthú a riarann ar riachtanais agus ar chomhthéacs ár scoláirí.

Leanann an cur chuige i leith dhearadh an eispéiris seo prionsabail an Dearaidh Uilíoch don Fhoghlaim (DUF/UDL), creat a cheadaíonn dúinn an chuid is fearr den teagasc agus den fhoghlaim a bhaint amach do chách trí iliomad modhanna léiriúcháin, iliomad modhanna cur i bhfocal agus iliomad modhanna rannpháirtíochta.




This Photo by Unknown Author is licensed under CC BY-SA

## Cumhacht na bprótacal

*Déanaimis machnamh ar an gcaoi ar mian linn a bheith ag obair le chéile inniu.*

**Is féidir teacht ar thuilleadh tacaí chun modhanna a bhunú le bheith ag obair le chéile mar roinn NTI ach dul chuig www.jct.ie. Is féidir go spreagfadh cuid de na hathfhriotail seo bhur bplé:**

1) "Protocols teach us habits that we wish we already had: to take the time to listen and notice, to take time to think about what we want to say, to work without rushing, to speak less (or speak up more), to give and receive graciously both forthright praise and forthright critique. [...] Some of them force the raising of questions, the suspension of judgement, and the withholding of response – all of these useful to learning at certain times" (McDonald et al, 2003, p. 7).

2) "so much of our knowledge of practice is tacit and becomes subject to critique only when we reflect on it in the company of others" (McDonald et al, 2003, p. 4).

3) "Given trust, a group of individuals can learn from one another and their work together even when the work creates discomfort – as work involving worthwhile learning often does" (McDonald et al, 2003, p. 14).


4) "Ainmníonn agus gabhann na múinteoirí don FGL a fhorbraíonn a gcleachtas féin agus a shásaíonn riachtanais na ndaltaí agus na scoile." (Ag Breathnú Ar An Scoil Againne, 2016. Lch 20).

5) "Breathnaíonn na múinteoirí ar chomhoibriú mar bhealach chun feabhas a chur ar fhoghlaim na ndaltaí agus chun feabhas a chur ar a bhforbairt ghairmiúil féin. Gabhann siad do chleachtas cuiditheach comhoibríoch." (Ag Breathnú Ar An Scoil Againne, 2016. Lch 20).

## Measúnú in NTI na Sraithe Sóisearaí: Scoláire a shuíomh sa chroílár

Baineann an t-athrú is suntasaí sa tSraith Shóisearach nua le réimse an mheasúnaithe. Tá raon toirtiúil d'fhianaise ó thaighde a léiríonn gur féidir torthaí foghlama scoláirí a fheabhsú tríd an gcur chuige I leith an mheasúnaithe a leathnú. Aithnítear freisin nach féidir le haon ócáid mheasúnaithe amháin fianaise a sholáthar ar raon gnóthachtálauile an scoláire. Ba choir go mbeadh an tacaíocht d'fhoghlaim an scoláire mar phríomhchuspóir ag gach measúnú sa tSraith shóisearach, péacu foirmitheach nó suimitheach, ag am ar leith nó go leanúnach, CSS, CNCM nó múinteoir-dheartha.

Tá ríthábhacht ag baint le cleachtais mheasúnuithe ranga ar bhonn leanúnach chun tacú le foghlaim an scoláire agus le gnóthachtáil an scoláire a chur chun cinn. Baineann measúnú leanúnach le cleachtas a bhíonn foirmitheach agus suimitheach araon. Beidh measúnú foirmitheach, comhlánaithe ag measúnú suimitheach, mar shainthréith ag an tSraithShóisearach nua (Creat don tSraith Shóisearach, 2015, Lch 37).




"Inclusive assessment refers to the design and use of fair and effective assessment methods and practices that enable all students to demonstrate to their full potential what they know, understand and can do" (Hockings, 2010, p. 34).

## Treoircheisteanna agus Measúnuithe Éifeachtacha á gCruthú

Is í an aidhm atá againn measúnú iontaofa, cothrom, bailí, indéanta a bheith againn a chabhróidh le teagasc agus le foghlaim. Is féidir go mbeadh na treoircheisteanna seo ina gcabhair agat agus measúnú á chruthú agat. **Níl siad ródhocht ná iomlán agus is túsphointe iad agus measúnú á phleanáil mar roinn NTI.**


| | |
|---|---|
| **Bailí** | - An bhfuil torthaí foghlama ó shonraíocht NTI á meas agam? |
| **Foghlaim Dhírithe** | - Conas a chabhraíonn an measúnú seo le foghlaim scoláirí?<br>- An bhfuil mé ag meas scileanna a bhfuil súil agam a gcothú? |
| **Ábhartha** | - An bhfuil an measúnú seo ag dul a chabhrú le scoláirí cumarsáid a dhéanamh sa sprioctheanga? |
| **Iontaofa** | - An bhfuil na critéir ratha seasmhach do na scoláirí uile?<br>- An bhfuil na treoracha soiléir do na scoláirí? |
| **Uileghabhálach** | - An bhfuil mé ag tabhairt deis do na scoláirí uile a gcuid foghlama a léiriú ag barr a gcumais? |
| **Trédhearcach** | - An bhfuil a fhios ag scoláirí cad é a bhfuiltear súil leo a bheith in ann á dhéanamh?<br>- An bhfuil na critéir ratha soiléir? |

Rinneadh na ceisteanna thuas a chur in oiriúint ó Brown, D. and Abeywickrama, P. 2010.

## Measúnuithe Éifeachtacha A Chruthú

Leagann an tsraith shóisearach an-bhéim ar **mheasúnú mar chuid den phróiseas foghlama**. Sa chur chuige sin, teastaíonn **éagsúlacht sa mheasúnú** chun a chinntiú go mbíonn an modh / na modhanna measúnaithe a roghnaítear **oiriúnach don fheidhm, tráthúil agus ábhartha don scoláire**. (Sonraíocht do Nuatheangacha Iasachta na Sraithe Sóisearaí, Lch 25).

*Déan do mhachnamh ar na treoircheisteanna ar mheasúnaithe éifeachtacha NTI thuas agus pléigh iad i dtaca leis na trí phrionsabal thíos.*



## Cleachtas Machnamhach

Aithnítear cleachtas machnamhach mar phríomhchuid lárnach d’fhorbairt ghairmiúil an mhúinteora: Tá na lionsaí lena ndéanaimid machnamh inniu bunaithe ar lionsaí Brookfield den chleachtas machnamhach (Brookfield, S. (2017). *Becoming a Critically Reflective Teacher*). Déanann sé cás láidir do thábhacht an mhachnaimh chriticiúil agus molann ceithre lionsa trínár féidir linn machnamh a dhéanamh:

1. **Dírbheathaisnéisí s’againn mar Fhoghlaimeoirí agus mar Mhúinteoirí** (féin-athbhreithniú) – Bíonn tionchar ag ár dtaithí féin mar fhoghlaimeoirí ar ár n-iompar mar mhúinteoirí agus tabharfaidh an cumas atá againn chun lionsa dírbheathaisnéiseach a úsáid chun na spreagthaí pearsanta seo a shainaithint agus breathnú siar ar ár gcleachtais dá réir. Is féidir linn ár gcleachtas a fheiceáil ó dhearcadh eispéireas an scoláire.

2. **Súile an Scoláire s’againn** (athbhreithniú an scoláire) – Agus sinn ag breathnú orainn féin trí shúile an scoláire, faighimid fianaise bhailí agus iontaofa ar ár gcleachtas mar mhúinteoirí agus go háirithe conas agus cad é atá na scoláirí a fhoghlaim. An bhfuil na scoláirí ag baint ciall as agus ag foghlaim mar a raibh súil againn leis?

3. **Taithí ár gComhghleacaithe** (piar-athbhreithniú) – Trí na comhráite a bhíonn againn le comhghleacaithe iontaofa agus trína ndearcadh agus a dtaithí sin ar a ndéanaimid is féidir linn léargais fhiúntacha a fháil.

4. **Litríocht Theoiriciúil** (tagarmharcáil) – Is féidir le litríocht agus taighde cabhrú linn cur síos ar ár gcleachtas agus é a thuiscint trí iliomad peirspictíochtaí a thairiscint ar chásanna ón ngnáthshaol.

*Pléitear conas is féidir le gach lionsa cabhrú lenár gcleachtas mar mhúinteoirí.*

## Machnamh ar Phróiseas an Mheasúnaithe Rangbhunaithe

**Gníomhaíocht Rothlaithe**:

- *Déan machnamh ar an eispéireas a bhí agat le próiseas Measúnaithe Rangbhunaithe 2 agus an leid ag do bhord in úsáid agat*
- *Roinn le do ghrúpa: rud amháin ar éirigh go maith leis agus rud amháin a dhéanfá go difriúil*
- *Rothlaigh chuig an gcéad tábla eile agus déan an próiseas arís*

Cad é a bhí maith?

B'fhearr i bhfad dá?

## Machnamh ar Phróiseas an Mheasúnaithe Rangbhunaithe: Trí Shúile an Scoláire


*Breathnaigh ar an bhfíseán de scoláirí ag plé a dtaithí ar Mheasúnú Rangbhunaithe 1 agus breac síos do smaointe.*

## Nóiméad Machnaimh: Aiseolas ar Mheasúnú Rangbhunaithe 1

"Cé go bhfuil an Measúnú Rangbhunaithe suimitheach, tá luach foirmitheach aige agus ba chóir é a úsáid mar uirlis **chun aiseolas a thabhairt don mhúinteoir, don scoláire agus do thuismitheoirí ar dhul chun cinn agus ar fhoghlaim an scoláire**." (Treoirlínte Measúnaithe, lch. 21).


| **Cad é?** | **Conas?** | **Cén uair?** |
|---|---|---|
| Tagraíodh san aiseolas do na Gnéithe Cáilíochta. | | |
| Rinne scoláirí machnamh ar an aiseolas a fuair siad. | | |
| Spreagadh na scoláirí chun machnamh a dhéanamh faoin rud a d'fhoghlaim siad **agus** conas a d'fhoghlaim siad é. | | |
| Spreagadh na scoláirí chun na chéad chéimeanna eile ina gcuid foghlama a phleanáil. | | |
| Tugadh tuairisc do na scoláirí ar a gcuid éachtaí. | | |
| Tugadh tuairisc do na tuismitheoirí/caomhnóirí ar éachtaí na scoláirí. | | |

## Treoirphrionsabail don Tuairisciú Éifeachtach




https://www.ncca.ie/media/3396/reporting-booklet.pdf

## Punann Teanga an Scoláire: Ag Cabhrú le Foghlaim Scoláire




Forbróidh gach scoláire punann teanga thar thrí bliana na Sraithe Sóisearaí. Dírítear i bpunann teanga an scoláire ar an bpróiseas foghlama teanga agus **cuirtear an foghlaimeoir i gcroílár an teagaisc, an mheasúnaithe agus na foghlama.**

Tugann sé deis don scoláire Nuatheangacha Iasachta spriocanna pearsanta a leagan síos thar na gcúig scil i Snáithe a haon, d’fhonn tabhairt faoi fhoghlaim teanga agus machnamh a dhéanamh air mar a bhfuil breac-chuntas air i Snáithe a dó agus a fheasacht sochchultúrtha a fhorbairt agus a bhreacadh síos, rud a thacaíonn dá bhrí sin leis na torthaí foghlama i Snáithe a trí. Nuair a úsáidtear punann teanga an scoláire tacaítear le measúnú foirmitheach sa seomra ranga Nuatheangacha Iasachta agus éascaítear an scoláire chun léiriú a thabhairt ar an méid atá déanta aige ag foghlaim na teanga. (Sonraíocht do Nuatheangacha Iasachta na Sraithe Sóisearaí, lch. 29).

## Príomhghnéithe Phunann Teanga an Scoláire

Áireofar i bpunann teanga an scoláire raon leathan míreanna, amhail téacsanna scríofa, tionscadail, ábhair fuaime / físe, taifid foghlama, machnamh an scoláire agus spriocanna foghlama. Aithnítear gur féidir, sa chomhthéacs seo, téacsanna cruthaithe an scoláire a chur i láthair i bhformáidí difriúla – scríofa de láimh, digiteach, ilmhódach agus mar sin de.

*Déan machnamh ar Phunanna Teanga an Scoláire agus pléigh na príomhghnéithe riachtanacha.*

## Aiseolas éifeachtach

"The most powerful single moderator that enhances achievement is feedback. This does not mean using many tests and providing over-prescriptive directions. It means providing information about how and why the student understands and misunderstands, and what directions the student must take to improve" (John Hattie, *Influences on Student Learning*, Inaugural Lecture at the University of Auckland, 1999).

Tá feabhsú san fhoghlaim ag brath ar aiseolas cionn is go spreagann sé scoláire le foghlaim agus go gcuireann sé lena chumas chuige sin.

Aiseolas éifeachtach:

- Díríonn ar cháilíocht obair an scoláire
- Bíonn baint idir é agus critéir ratha
- Sainaithníonn rathúlacht agus éacht
- Tugtar moltaí chun feabhas a dhéanamh
- Spreagann smaointeoireacht an scoláire
- Tugtar am do scoláirí chun feabhsú

Is é a bhíonn i gceist le haiseolas a rá le scoláirí cad é a rinne siad go maith agus cad é a chaithfidh siad a dhéanamh chun feabhsú níos mó. Cuimsíonn sé freisin a chur i gcuimhne do scoláirí cad é a bhí siad ag iarraidh a bhaint amach (na hintinní foghlama). Sa deireadh, tugtar aiseolas ardchaighdeáin i gcónaí le taobh critéir ratha shoiléire agus aontaithe (arna chur in oiriúint ó *Fócas ar an bhFoghlaim, Aiseolas Foirmitheach,* CNCM, 2015).

*Pléigh cé acu atá an t-aiseolas éifeachtach nó nach bhfuil.*


## Aiseolas éifeachtach á chur i ngníomh

*Críochnaigh an tasc.*

*Tabhair aiseolas ar an tasc.*

*Déan machnamh ar an aiseolas a tugadh duit; an mbogann sé do chuid foghlama chun tosaigh?*

## Ag Machnamh ar Mo Chleachtas: Machnamh Scoláire i mo Sheomra Ranga




During the reporting process an important way of reducing how much the teacher needs to record is by involving students in reflecting about their learning and asking them to record their self-assessment of significant learning moments in their notebooks or portfolios (Ongoing Reporting for Effective Teaching and Learning, NCCA, p. 28).

| | **An ndéanaim é ?** | **Conas?** | **Cén uair?** |
|---|---|---|---|
| Tugaim am do scoláirí machnamh ar a ndul chun cinn ag deireadh ceachta / sraith de cheachtanna. | | | |
| Spreagaim scoláirí chun na chéad chéimeanna eile ina gcuid foghlama a phleanáil. | | | |
| Spreagaim scoláirí chun na chéad chéimeanna eile ina gcuid foghlama a phleanáil. | | | |
| Cuirim ceisteanna agus uirlisí ar fáil chun cabhrú le scoláirí machnamh ar a gcuid foghlama. | | | |
| Cuirim deiseanna ar fáil do scoláirí chun piarmheasúnú a dhéanamh mar chuid den phróiseas machnaimh. | | | |
| Tugaim am do scoláirí meabhrú ar aiseolas a fhaigheann siad uaim agus óna gcuid piaraí. | | | |

Arna chur in oiriúint ó *Ongoing Reporting for Effective Teaching and Learning, NCCA, 2015.*

## Ag Machnamh trí Lionsa na Teoirice: Scoláirí a Shuíomh sa Chroílár



Is comhalta agus ollamh emeritus é David Little ag Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Cuidíonn sé go rialta le tionscadail oideachas teanga Chomhairle na hEorpa ó na 1980í. In 2010, bhronn Ollscoil Náisiúnta na hÉireann dochtúireacht oinigh air mar aitheantas ar an ionchur a bhí aige in oideachas teanga in Éirinn agus níos faide ó bhaile.


San agallamh seo, cuireann an tOllamh Little síos ar sheomra teanga foghlaim lárnach. Is féidir teacht ar an taifead seo sa Rannóg Ácmhainní ar ár suíomh gréasáin.

*Breathnaigh ar an ngearrthóg agus freagair na ceisteanna a bhaineann léi.*

## An seomra ranga foghlaim lárnach

*Déan machnamh ar conas a thacaíonn an seomra ranga foghlaim lárnach le Príomhscileanna agus le Prionsabail Oideachas na Sraithe Sóisearaí.*



## Measúnú Rangbhunaithe 2: Punann Teanga an Scoláire mar Fhianaise ar an bhFoghlaim

Tugtar deis don scoláire sa dara Measúnú Rangbhunaithe ceiliúradh a dhéanamh ar a éachtaí mar fhoghlaimeoir teanga trí mheáin éagsúla ach trí phíosa a roghnú astu sin a cuireadh le chéile thar thréimhse ama agus iad a chur i láthair le haghaidh measúnú. (Sonraíocht do Nuatheangacha Iasachta na Sraithe Sóisearaí, lch. 29).

Cuidíonn an phunann leis an scoláire teacht i dtír ar a fhoghlaim teanga agus feasacht chultúrtha a fhorbairt; chun léiriú a thabhairt ar a fhorbairt teanga agus chun muinín a fhorbairt ina chumas cumarsáideach sa sprioctheanga (Treoirlínte do Mheasúnuithe sna NTI, lch. 21).

## Na Gnéithe Cáilíochta do Mheasúnú Rangbhunaithe 2

Baintear úsáid as na Gnéithe Cáilíochta chun obair scoláirí a mheas. Tá siad ag teacht den chuid is mó le banda A (A1 go A2, úsáideoir bunúsach) den Chreat Comhchoiteann Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha (CCTE).

*Déan machnamh ar shampla d'obair scoláire agus bain úsáid as na Gnéithe Cáilíochta chun tuairiscín sealadach a bhronnadh air.*

## Tuairisciú ar Fhoghlaim Scoláire: Measúnú Rangbhunaithe 2

*Pléigh conas is féidir tuairisciú ar Mheasúnú Rangbhunaithe 2.*

## An Tasc Measúnaithe

Tugann an scoláire faoi Thasc Measúnaithe scríofa atá le cur faoi bhráid Choimisiún na Scrúduithe Stáit lena mharcáil mar chuid de scrúdú deimhnithe an stáit do Nuatheangacha Iasachta. Is fiú 10% de na marcanna an Tasc Measúnaithe a úsáidfear chun an grád foriomlán a oibriú amach. Is í CNCM a shonraíonn an Tasc Measúnaithe agus bainfidh sé leis na torthaí foghlama a mbeidh an dara Measúnú Rangbhunaithe bunaithe orthu. Cuimseoidh an Tasc Measúnaithe roinnt de na nithe seo a leanas nó gach ceann díobh:

• Oibriú le spreagthach gearr i bhformáid amhairc, scríofa, fuaime nó chlosamhairc chun ullmhú don tasc scríofa.

• Tasc scríofa ina dtástálfar an scoláire maidir le ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas:

- an cumas atá aige / aici breac-chuntas a thabhairt agus / nó plé a dhéanamh ar an taithí atá aige / aici Punann Teanga an Scoláire a chur le chéile
- a thuiscint ar an taithí sin agus a mheastóireacht uirthi - a chumas chun machnamh a dhéanamh ar na scileanna a d'fhorbair sé
- a thuiscint ar ghné chultúrtha de thír na sprioctheanga, mar a fhiosraítear í i dtéacs sprioctheanga, mar a fhiosraítear í i dtéacs amháin nó níos mó de Phunann Teanga an Scoláire

Toisc gurb é príomhaidhm an Tasc Mheasúnaithe an scoláire a spreagadh chun machnamh a dhéanamh ar an bpróiseas foghlama teanga, beidh na ceisteanna agus na freagraí i dteanga an teagaisc (Sonraíocht do Nuatheangacha Iasachta na Sraithe Sóisearaí, lch. 31).

*Pléigh straitéisí praiticiúla a thacódh le machnamh scoláire i seomra ranga NTI*

## An Scrúdú Deiridh

Beidh scrúdpháipéar amháin ann ag leibhéal comónta, a shocróidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit. Tabharfaidh an scoláire faoin bpáipéar scrúdaithe scríofa seo a mhairfidh suas le dhá uair an chloig ag deireadh na tríú bliana. Iarrfar air dul i ngleic le hábhar spreagtha, a thaispeáint go dtuigeann sé é, agus freagairt dó, agus áireofar leis clos-spreagthach. **I mbliain áirithe ar bith, is éard a bheidh sna torthaí foghlama atá le measúnú sampla de na torthaí ó tháblaí na dtorthaí foghlama.** Is fiú 35% é de na marcanna comhpháirt na cluastrialach a úsáidfear chun an grád a bhronnann Coimisiún na Scrúduithe Stáit a oibriú amach. (Sonraíocht do Nuatheangacha Iasachta na Sraithe Sóisearaí, lch. 32).

## Torthaí Foghlama a Mheas

Sample assessment material has been published by the NCCA and can be accessed at https://curriculumonline.ie/Junior-cycle/Junior-Cycle-Subjects/Modern-Foreign-Languages.

The sample material presented here has been prepared to support teacher professional development. It offers a broad indication of types and formats of assessment items that might be used to assess the learning outcomes in the Junior Cycle Modern Foreign Languages specification at a common level, but it is not a complete set of the types and formats that may be used. The items included should be read as examples of individual pieces of assessment material; they do not constitute full or partial examination papers. They are not full or partial questions from an examination paper, neither do they attempt to replicate how the examination paper might be laid out, for example, as an integrated booklet that includes the questions and the space for the student's responses.

*Déan machnamh ar na cineálacha éagsúla ceisteanna sna Measúnuithe samplacha.*

*Ag bhur mbord, léigí na torthaí foghlama a bhfuil fócas orthu don mheasúnú seo.*
*Déanaigí machnamh ar cheisteanna samplacha A.*

*Cad iad na gnéithe de na torthaí foghlama seo a mheasúnaítear go díreach?*

*Anois déan machnamh ar cheisteanna samplacha B. Tá athrú ar na torthaí foghlama a bhfuil fócas orthu.*

*Cad iad na gnéithe de na torthaí foghlama seo a mheasúnaítear go díreach?*

*Déan machnamh conas a imríonn an fócas ar thorthaí foghlama tionchar ar na cineálacha ceisteanna a chuirtear.*

*Déan machnamh ar na torthaí foghlama i bhfócas.*

*Bí ag plé leis an ábhar.*

*Cruthaigh measúnú **a thagann leis na torthaí foghlama i bhfócas**.*

*Roinn é sin leis an ngrúpa*

## Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS)

I PGSS tabharfar aitheantas don ghnóthachtáil thar réimsí uile na foghlama de réir mar a oireann:

- Ábhair
- Gearrchúrsaí
- Folláine
- Aonaid tosaíochta foghlama
- Réimsí foghlama eile

Beidh eilimintí uile an mheasúnaithe mar bhonn tagartha agus tuairiscithe don ghnóthachtáil ar a n-áirítear measúnú foirmitheach, leanúnach; Measúnuithe Rangbhunaithe agus gráid CSS ar a n-àirítear torthaí ó na scrúduithe stát-teistithe agus ó na Tascanna Measúnachta. (Creat don tSraith Shóisearach, 2015, lch. 48).

*Déan machnamh conas a thabharfaidh PGSS léargas leathan soiléir ar thuras foghlama a bpáiste le linn trí bliana na Sraithe Sóisearaí do thuismitheoirí / chaomhnóirí.*

## Tagairtí


Brookfield, S. (2017). *Becoming a critically reflective teacher* (2nd ed.). San Francisco: John Wiley & Sons.

Brown, D., & Abeywickrama, P. (2010). *Language assessment, principles and classroom practice* (2nd ed.). New York: Pearson/Longman.

Hockings, C. (2010). *Inclusive learning and teaching in higher education: A synthesis of research*. Retrieved from https://www.heacademy.ac.uk/system/files/inclusive_teaching_and_learning_in_he_synthesis_200410_0.pdf.

McDonald, J., Mohr, N., Dichter, A., & McDonald, E. (2013). *The power of protocols: An educator's guide to better practice* (3rd ed.). New York / London: Teachers College.

http://udlguidelines.cast.org/?utm_medium=web&utm_campaign=none&utm_source=cast-about-udl

https://www.curriculumonline.ie/getmedia/bbb30195-a78a-4d66-9b80-04af66349905/JCMFLspec.pdf

https://www.curriculumonline.ie/getmedia/e21d9e9d-cede-4b50-8377- 9268f8cb7166/

https://www.education.ie/en/Publications/Inspection-Reports-Publications/Evaluation-ReportsGuidelines/Looking-at-Our-School-2016-A-Quality-Framework-for-Post-Primary-schools.pdf

https://www.ncca.ie/media/2487/wellbeingguidelines_forjunior_cycle.pdf

## Stad-Tosaigh-Lean ar aghaidh

Tugann an leathanach seo deis duit sos beag a thógáil ag amanna tábhachtacha i rith an lae chun machnamh ar na rudaí is mian leat a dhéanamh ionas gur gnáthchleachtas iad seachas rudaí nua.

**Seisiún 1:**

**Seisiún 2:**

**Seisiún 3:**